

**Comórtas Icí Pící**
Dlúthdhioscaí agus leabhair le baint »3



**Focla Mhicí** »10



**Thall is abhus leis an Chabaret Craiceáilte** »5



**Pobalscoil Ghaoth Dobhair faoin Spotsholas** »8

Goitse

23 Aibreán 2010

Uimhir 1
€1

# Cá bhfuil ár dTeachta Dála?

**Tá rún le cur os comhair na Dála le brú a chur ar an rialtas fo-thoghchán a reáchtáil i dtoghcheantar IarDheisceart Dhún na nGall. Tá ár dtríú Teachta Dála séanta ar phobal an cheantair in ainneoin brú ón fhreasúra.**

Tá sé chóir a bheith bliain ó bhain Pat the Cope Ó Gallchóir a shuíochán i bPairlimint na hEorpa agus tá an dáilcheantar seo fágtha le beirt TD in áit triúir ó shin.

Tá Sinn Féin ag cur rúin os comhair na Dála roimh dheireadh Aibreáin a chuirfidh brú ar an rialtas fo-thoghchán a reáchtáil sa toghcheantar.

Chuir an Páirtí rún cosúil leis seo roimh an Dáil seachtain nó mar sin i ndiaidh thoghchán na hEorpa agus theip air an t-am sin agus tá gach seans ann go teipfidh air arís an iarraidh seo mar tá an tromlach go fóill ag páirtithe an rialtais.

Ach tá na páirtithe réidh do fho-thoghchán má tharlaíonn sé.

Dúirt Dinny Mac Fhionnghaile go raibh a n-iomaitheoir roghnaithe acu agus go raibh siad réidh le toiseacht ar an fheachtas chomh luath agus a fhógraítear an fo-thoghchán. Chan amháin sin, ach tá Óige Fine Gael le seal a chaitheamh i ndeisceart na contae ag stocaireacht ar son Barry O'Neill ag deireadh na seachtaine seo (23 Aibreán). Beidh siad lonnaithe thart ar Bhaile Dhún na nGall, Béal Átha Seannaidh agus Bun Dobhráin.

Tá iomaitheoir roghnaithe ag Páirtí an Lucht Oibre agus tá Frank McBrearty réidh chun troda fosta.

Dúirt an t-iomaitheoir neamhspleách, an Comhairleoir Thomas Pringle, go raibh sé scanallach nach raibh ach an bheirt TD ag an dáilcheantar nuair a bhí triúr de dhith le gníomhú mar is ceart ar son mhuintir an dáilchreantair. Chuir sé fáilte roimh an rún, ag rá go raibh brú ón taobh amuigh de dhíobháil ar an rialtas mar nach raibh siad ag iarraidh fo-thoghchán a fhógairt.

Dúirt an Seanadóir Piaras Ó Dochartaigh le *Goitse* an tseachtain seo go raibh sé náireach go raibh trí fho-thogháin don tSeanad sa tréimhse ó bhain Pat the Cope a shuíochán agus nach raibh deis ag lucht vótála Dhún na nGall Thiar Theas an líon iomlán Teachtaí Dála a bheith acu.

Níl iomaitheoir roghnaithe ag Fianna Fáil don fho-thoghchán agus, de thairbhe go raibh an Seanadóir Brian Ó Domhnaill as an tír, ní raibh *Goitse* ábalta ráiteas a fháil uaidh ar an cheist seo.



**Aimsir mhaith don churadóireacht ar an Charraig Fhinn.**

## Coinnigí súil ar bhur madaidh

**Baicle eagraithe ag fuadach madaidh sa cheantar**

Tá na Gardaí sa cheantar ag rabhadh do dhaoine a bhfuil madaidh luachmhara acu súil ghéar a choinneáil orthu, mar creideann siad go bhfuil baicle daoine eagraithe leis an chuid is luachmhaire a ghoid.

Rinneadh iarrachtaí madaidh den chineál seo cheana féin i Loch an Iúir, ar an Chlochán Liath agus i nGaoth Dobhair.

Ní seo an chéad uair a tharla a leithéid sa chontae seo ach meastar go bhfuil i bhfad níos mó madaidh den chineál seo mar pheataí sa cheantar ná mar a bhíodh blianta ó shin agus níl le déanamh ach amharc sa *Dealer* nó irisí eile cosúil leis le tuigbheáil caidé an brabach atá ar mhadaidh ghoidte.

Moltar d'úinéirí na madaidh sin micrishlisín — nó *microchip* — a fháil curtha isteach ag bun mhuineál an pheata sa dóigh is go mbeidh teacht arís air má ghoidtear é.

# Gleanntáin ghlana Ghaoth Dobhair

**Bhí toradh a gcuid oibre le feiceáil nuair a d'eagraigh muintir na háite lá mór glantacháin i gcomhar leis an Chomhairle Contae, ar na mallaibh.**

Ag deireadh mhí Márta, chuaigh oibrithe deonacha i mbun oibre ar Lá Glantacháin i nGaoth Dobhair. Ba é Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair a reachtáil an lá le cuidiú ó Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Chuir an Chomhairle skipeanna, málaí agus miotóga ar fáil do na laochra timpeallachta a chaith an lá uilig faoin aer ag tógáil bruscair.

Bhí skip amháin suite ag an Chrannóg agus an ceann eile ar an Bhun Bheag agus fágadh Gaoth Dobhair giota maith níos glaine dá bharr!





**Ní neart go cur le chéile!** Cuid den mheitheal oibre a ghlac páirt i Lá Glantacháin Ghaoth Dobhair.

SIOPA CHROICHSHÚ
www.odonnells.eu




GUAL AGUS OLA
Ordaigh do chuid Ola Baile roimh 1 Bealtaine agus SÁBHÁIL suas le €50
074 95 48888

GO
MACE

7 r.n. 9 i.n 074 95 48888 www.ODonnells.ie

FIONN




An Bradán Feasa
ISBN 978-0-898332-42-1 €7.50

Dóiteoir na Samhna
ISBN 978-0-898332-43-8 €7.50

LEABHAR BREAC

Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592
eolas@breacan.ie

www.fionn.ie

Léitheoireacht do na páistí…
le Máire Ní Ghallchobhair



Ar fáil ó:
LEABHAR BREAC
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

LEABHAR BREAC

www.leabharbreac.com

# Aer Árann ag eitilt as Aerfort Dhún na Gall arís

**Thoisigh eitiltí amach as Aerfort Dhún na nGall ar an gCéadaoin i ndiaidh tréimhse sé lá nuair nach raibh cead ag eitleáin bheith san aer ar fud na tíre.**

Dúirt urlabhraí don aerlíne Aer Árann go raibh an chuma ar chúrsaí go mbeadh an ghnáthsheirbhís ar siúl acu anois agus go raibh siad ag súil nach mbeadh cur isteach ar bith eile ón néal dusta a d'éirigh go hard sa spéir nuair a phléasc an bolcán (volcano) ag Eyjafjoell san Íoslann Déardaoin 15 Aibreán.



Thoisigh an tseirbhís ar ais ag 1.00in Dé Céadaoine 21 Aibreán.

Tá saineolaithe ag rá, áfach, gur féidir go mbeadh pléascán as an bholcán am ar bith agus go raibh baol ann go bpléascfadh bolcán eile in aice le Eyjafjoell.

Dá dtarlódh sé sin, meastar go mbeadh cosc arís ar eitiltí san aer thar Éirinn.

## *Splanc díchéillí ar an chaorán*

**Leis an aimsir mhaith a bhí againn le cúpla seachtain anuas, tá an bhriogáid dóiteáin ag iarraidh ar dhaoine bheith faicheallach nuair atá siad amuigh ar an chaorán.**


Ní ghlacann sé ach toitín caite ar fhéar tirim le dóiteán a thoiseacht agus tá a fhios againn thart anseo caidé chomh contúirteach is a bhíonn tine ar an chaorán. Tá an scéal céanna amhlaidh leis an aiteannach agus, ó tharla go bhfuil aiteannach ag fás cóngarach do chuid mhór tithe sa cheantar, tá baol tragóide ansin.

Shílfeá nach mbeadh gá le seo a rá ach chruthaigh fear amháin as an cheantar ar na mallaibh go bhfuil roinnt daoine ann nach n-éisteann le comhairle a leasa. Nuair a bhí a chuibhreann le treabhadh roimh prátaí a chur, dúirt an fear a bhí ann leis an treabhadh a dhéanamh go raibh an féar ró-fhada agus nach dtiocfadh leis an obair a dhéanamh. Caidé a rinne mo dhuine ach an féar a dhó! Chaith na comharsana leathuair le sluasaid agus píobáin uisce ag troid an dóiteáin.

Tá a fhios againn cé thú féin, a ________!

## Comórtas Ící Pící




**5 chóip den leabhar agus dlúthdhiosca le baint ag léitheoirí Goitse!**

Seol d'ainm agus seoladh chuig:
goitsenuacht@gmail.com
chun go n-árófaí sa chomórtas tú!


# SHARKEY WASTE & RECYCLING

Bun na mBeann, Anagaire, Co Dhún na nGall
Teil: 074 9548229 • 087 2364960



## Soláthraí Bineanna Bruscair & Athchúrsála

*Ag cuidiú leat do chuid féin a dhéanamh don timpeallacht ag leic do dhoras.*





# Eagarfhocal

goitsenuacht@gmail.com

**Tá fáilte romhat chuig an chéad eagrán de *Goitse*, nuachtán úr do na trí paróistí, Cloch Cheannfhaola, Gaoth Dobhair agus Na Rosa.**

Tá rún againn an páipéar seo a chur amach uair sa mhí ar feadh chúpla mí go bhfeice muid caidé mar atá muid ag fáil ar aghaidh agus, má éiríonn linn, ba mhaith linn é a fhoilsiú uair sa choicís, ag toiseacht san Fhómhar.

Mar a tchidh tú, san eagrán seo, rinne muid ár ndícheall a oiread imeachtaí a chumhdach agus a thiocfadh linn agus, má chaill muid imeacht mhór ar bith, tá muid buartha. Níl ach foireann bheag ag obair go deonach ar an pháipéar agus tá muid ag brath go huile is go hiomlán oraibhse, na léitheoirí, muid a chur ar an eolas faoi imeachtaí atá ag tarlú sa cheantar.

As seo amach, bheadh muid iontach buíoch dá dtiocfadh leat inse dúinn faoi imeachtaí atá beartaithe sa cheantar agus tuairiscí nó grianghrafanna a sheoladh isteach chugainn. Déanfaidh muid ár ndícheall achan ghné de shaol an phobail a chumhdach.

Bhí daoine ag cur ceiste nuair a thoisigh muid a chaint ar an nuachtán seo an mbeadh sé dátheangach agus ní bheidh. Tuigimid go raibh nuachtáin dátheangacha sa cheantar roimhe seo agus gur éirigh leo ar feadh tamaill ach chonacthas dúinn gur pobal ar leith é pobal na Gaeilge agus nach ceantar tíreolaíoch é an Ghaeltacht. Mar sin de, beidh muid ag freastal ar na daoine a labhraíonn i nGaeilge sa cheantar seo.

Is cliché anois é nach neart go cur le chéile ach más é, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil fírinne leis agus thig leat bheith cinnte go mbeidh brú fiánta ar eagraíochtaí pobail ar fud na tíre amach anseo de réir mar a chuireann an rialtas na ciorruithe atá geallta acu i bhfeidhm. Mar is gnách, tchífidh an ceantar an chuid is measa de na ciorruithe gan cuid ar bith de na buntáistí a fuair áiteacha eile a fheiceáil nuair a bhí siad á ndáileadh amach.

## Cá bhfuil ár dtríú Teachta?

Mar atá soiléir ón phríomhscéal sa pháipéar seo, níl iomrá ar bith orainn fo-thoghchán bheith againn. Mar sin de, tá faillí á déanamh ar ár gcearta daonlathacha. Tá muid i dteideal triúr TD bheith againn sa Dáil ó bhí na toghcháin againn don Eoraip i Mí Meithimh anuraidh agus tá a fhios againn uilig cad chuige nach bhfuil siad le seans a thabhairt dúinn an tríú Teachta a thoghadh. Níl baint aige le cearta nó le ceartas. Níl i gceist ach an comhrialtas a choinneáil i gcumhacht chomh fada agus is féidir agus is cuma faoi na deacrachtaí a bheas ag an phobal dá thairbhe sin.

Ach ní chaithfidh sé bheith mar sin. Dá mbeadh glór láidir ag an phobal, chaithfeadh siad éisteacht. Sin ceann de na fáthanna go bhfuil muid ag gabháil don pháipéar seo, le guth a thabhairt do ghrúpaí pobail sa cheantar seo nach bhfaigheann éisteacht ó na páipéirí eile.

Foilseoidh muid tuairimí atá ag teacht ón phobal. Má chreideann tú gur rud fiúntach atá ansin, bí linn agus bí páirteach sa tionscnamh seo. Seo leat.

Goitse!


**Tíleanna Mhic Pháidín**

**Svuíteanna Seomra Folctha**
**Urláir Adhmaid**

**MIONDÍOL**
**i gCroichshlí**
**(iar-shuíomh mhonarcha Nuvotem)**

**Ó 9r.n. go 3i.n. gach Aoine**
**le spás a dhéanamh do stoc nua.**
**Tíleanna** ó **€5.99** slat²
**Poirceallán Snasaithe** ó **€9.99** slat²

**TAPAIDH DO DHEIS**
**– NÁ CAILL AN SLADMHARGADH SEO!**
— fhad is a mhaireann stoic —
**Margaidh eile ar fáil sa tsiopa.**
**Uaireannta Oscailte:**
**An Bun Beag** 9-30-5-30 Luan go hAoine
10.30-5.00 Dé Sathairn
**An Chlochán Liath** 9-00-5-30 Luan go hAoine;
10.30- 5.00 Dé Sathairn
Feisteoirí Tíleanna agus Urláir Adhmaid ar fáil

Cois Cláidí, An Bun Beag, Co. Dhún na nGall
Fón: (074) 9531959, Faics: (074) 9532740
Ríomhphost: mcfaddentiles@yahoo.ie

Bóthar Ghaoth Dobhair, An Chlochán Liath
Fón: (074) 9522861





**ÓgCheolfhoireann Dhún na nGall.** Grianghraf Johnsoffe.com

# Blas clasaiceach ar cheol traidisiúnta Dhún na nGall

Beidh oíche álainn de cheol clasaiceach, le blas láidir den cheol traidisiúnta, le cluinstin in Ionad Cois Locha ar an Satharn 24 Aibreán. Is Curifidh an Donegal Youth Orchestra ceolchoirm mhór ar siúl faoi stiúir Vincent Kennedy, stiúrthóir ceoil a bhfuil urraim agus meas air i saol an cheoil. Bhuail an Donegal Youth Orchestra san Ceoláras Náisiúnta an mhí seo caite, agus tugadh ardmholadh dóibh. Beidh an soprano Tine Verbeke, (a bhfuil cónaí uirthi i Machaire Rabhartaigh) ag ceol roinnt amhrán ó na ceoldhrámaí móra. Seinnfidh An Crann Óg, grúpa óg de cheoltóirí traidisiúnta as Gaoth Dobhair, roinnt port traidisiúnta i gcomhar leis an Donegal Youth Orchestra. Beidh meascán spéisiúil ann idir ceol traidisiúnta agus ceol clasaiceach. Ábhar spéise a bheidh ann na hamhráin agus na portanna traidisiúnta as Gaeltacht Thír Chonaill a chluinstin i bhfoirm chlasaiceach agus iad meascaithe le ceol traidisiúnta.

Tá an ceolchoirm curtha i láthair ag Comhpháirtíocht Ceoil Oideachais Dhún na nGall atá faoi choimirce Choiste Ghairmoideachas na contae. Is iad Tionscnamh Lugh atá ag eagrú an ceolchoirm le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta.

# Thall is abhus leis an Chabaret Craiceáilte

**Craiceáilte i gcéin is i gcóngar:** Filleann an Cabaret Craiceáilte ar a fód dúchais i nGaoth Dobhair an Satharn seo sula dtabharfainn sí faoi chamchuairt samhraidh ó Fhéile Oirghiala go Pléaráca Chonamara agus isteach go Toraigh.

Beidh ceann dena grúpaí ceoil is suimiúla sa tír faoi láthair, **Henrietta Game**, chomh maith le duine dena hamhránaithe agus cumadóirí amhrán is fearr dá bhfuil againn, **Enda Reilly,** i measc na gceoltóirí a bheas ar an ardán ag an Cabaret Craiceáilte Dé Sathairn seo, 24 Aibreán, Tigh Hiúdaí Bhig, An Bun Beag, Gaoth Dobhair. Tá comparáid déanta idir cuid ceoil Henrietta Game, agus leitheid Sigur Ros agus Arcade Fire, agus déantar comparáid idir ceol Enda Reilly agus John Martyn.

Fógraíodh an tseachtain seo fosta go mbeidh An Cabaret ar Chamchuairt Craiceáilte go háiteacha éagsúla in Éirinn an samhradh seo. Beidh an scaifte Craiceáilte ag tabhairt aghaidh ar Fhéile Oirghiall 1-2 Bealtaine, áit a mbeidh An Chabaret ar siúl i dTeach Leanna Thír na nÓg ar an Satharn agus an Domhnach. Beidh siad Craiceáilte i gConamara, mar chuid den Fhéile, Pléaráca Chonamara ar an Satharn 22 Bealtaine, agus ag tabhairt aghaidh ar Fhéile na mBoscaí Ceoil, Oileán Thoraí, Dé Sathairn 5 Meitheamh. Beidh an grúpa reggae, **Bréag**, **Henrietta Game**, **Doiminic Mac Giolla Bhríde**, **Líam Mac Giolla Bhrighde**, **Bríd Ní Ící**, **Niall Hackett** agus siamsóirí eile páirteach sa chamchuairt náisiúnta.

Ach is sa bhaile, Tigh Hiúdaí, an áit gur thoisigh sé uilig, a bheas an Cabaret oíche Shatharn. Beidh lúchair ar lucht leanúna an Henrietta Game, go bhfuil siad ag pilleadh ar an Bhun Bheag, arís, tar éis an gig ar dóigh a bhí acu ag Cabaret Craiceáilte mhí Eanáir. Sheinn an Henrietta Game ag Cabaret Bhaile Átha Cliath san Odeon ar an mhí seo 'chuaigh thart, agus ag an Chabaret Craiceáilte speisialta a bhí ar siúl sa Phuball Gaeilge, le linn an Electric Picnic, ar an tSráidbhaile, Condae Laois, anuraidh.

Tá gaol láidir acu leis an réabhlóid Chraiceáilte anois, réabhlóid a cuireadh ar bun chun saol sóisialta agus siamsaíochta tré Ghaeilge a thabhairt chun cinn, chomh maith le tionscal ceoil na Gaeilge a spreagadh agus a chothú. Beidh an Henrietta Game ag seoladh an chéad EP Gaeilge dá gcuid ag an Chabaret i Muineachán ar an 1 Bealtaine.

Tá siad ag súil go mór leis an darna cuairt ar Ghaoth Dobhair, dar leis an phríomh-amhránaí Christy Leech." Bhain muid sult mhór as a bheith ag an Chabaret le linn an Electric Picnic, chomh maith le Cabaret Ghaoth Dobhair agus Bhaile Átha Cliath. Tá lucht leanúna ceoil ar dóigh i nGaoth Dobhair, agus táimid ag súil go mór leis an spiorad chraiceáilte, agus piontaí deasa, a bhlaiseadh tigh Hiúdaí" adúirt sé.

Fear eile a bhfuil dúil aige sa spiorad chraiceáilte, agus sna piontaí blasta, ná an sár chumadóir/amhránaí Enda Reilly, as Tamhlacht, i mBaile Átha Cliath. Canann sé a chuid amhráin féin den chuid is mó, chomh maith le seanchlaisicí cosúil le Deoindí agus An Cailín Álainn. Beidh Enda agus a bhuíon ceoil ag casadh den darna uair ag Cabaret Ghaoth Dobhair, cé go raibh sé ag Cabaret Bhaile Átha Cliath agus Cabaret An Phicnic cúpla uair fosta.Tá tóir mhór ar amhráin da chuid féin a bhionn le cloisteáil ar RnaG, leitheidí 'Ceol As An Dorchadas','Cur an Long ag Seol' agus 'Bainne Deag'.Bhain sé an chéad áit i gcomórtas ceoil 'Rónán Beo @ Ráidió Na Gaeltachta' anuraidh lena amhrán 'Mol An Aimsear'.

Beidh An Chabaret ag toiseacht ar a 10pm Dé Sathairn seo, 24 Aibreán, Tigh Hiúdaí, agus na ticéid ar fáil ag an doras ar sladmhargadh de €5.



**Henrietta Game:** Ag bualadh ag Cabaret Ghaoth Dobhair



**Ceol as an Dorchadas:** Enda Reilly ar ais linn i dTigh Hiúdaí




**Fonn damhsa:** Eoghan Mac Giolla Bhríde, Máire Ní Choilm agus PJ Joe Jack Ó Curráin ag an Chabaret.



**Ag pósáil:** Bernie Nic Pháidín, Enda Reilly agus Rónán Mac Aodha Bhuí ag an Chabaret san Odeon



**Cairde craiceáilte:** Cuid den scaifte ag baint sult as Cabaret Bhaile Átha Cliath.



# Idir sean agus óg tógtha le hÍcí Pící



**Léitheoireacht cheolmhar:** Gormlaith Nic Niallais ag ócáid seolta an leabhair agus dlúthdhiosca *Ící Pící* in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair, ar na mallaibh. (GRIANGHRAF: EOIN MAC GARVEY)

**Seoladh an leabhar agus dlúthdhiosca Ící Pící i nGaoth Dobhair, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste ar na mallaibh.**

Bhí níos mó ná dhá chéad duine i láthair sa Chúirt nuair a sheol an chomhlacht foilsitheoireachta Éabhlóid Ící Pící, leabhar do pháistí a tháinig amach as Gaoth Dobhair ar na mallaibh.

Ceol nuachumtha ag Doimnic Mac Giolla Bhríde agus ceolta go binn ag páistí ó Ghaeltacht Dhún na nGall. Seod dheas í an leabhar seo agus bronntanas dheas do pháiste ar bith. Lán le gníomhamhráin agus amhráin meidhreacha a thabharfaidh ar pháistí ceol amach agus damhsa; an-úsáideach sa tseomra ranga nó do dhuine ar bith ar mhaith leis páistí a spreagadh chun ceoil.

***Tuilleadh grianghraif le feiceáil ag www.emgphotos.com***



**Ag léamh le chéile:** Nellie Nic Giolla Bhríde agus a gariníon Sorcha ag léamh *Ící Pící*. Tá dánta agus ramáis a chum an t-iarmhúinteoir scoile Nellie in úsáid sa leabhar agus dlúth-dhiosca.



**Ag an seoladh:** Jimmy Ó Dufaigh, Sean Ó Maolagáin, Grace Ui Mhaolagáin agus Kim Uí Dhufaigh ag seoladh *Ící Pící*. (GRIANGHRAF: EOIN MAC GARVEY)



**Cairde Ící Pící:** Clodagh agus Ailbhe Ní Ghallchóir lena máthair mór Nora Bhán Nic Gairbheith ag seoladh *Ící Pící*. (GRIANGHRAF: EOIN MAC GARVEY)



**Dea-scéal nuachta:** Is í Áine Ní Bhreasláin, Nuacht TG4, a sheol *Ící Pící* in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair, ar na mallaibh. (GRIANGHRAF: EOIN MAC GARVEY)



**Ag an seoladh:** Anna Ní Bhreasláin, Áine Ní Bhreasláin, an tAthair Brian Ó Fearraigh, Cití Ní Mhaonaigh agus Nell Uí Ghallchóir a bhí i láthair ag seoladh *Ící Pící*. (GRIANGHRAF: EOIN MC GARVEY)

# Mórimeachtaí ealaíne is ceoil ag Ionad Dhobhair

Mar a tchidh tú ó na pictiúirí thíos, bhí siad iontach gnoitheach in Ionad Naomh Pádraig le cúpla seachtain anuas. Chomh maith le gnáth-imeachtaí an Ionaid, bhí malartán acu le dream as Bruach Sheáin i gContae Aontroma.

Coicís ó shin, bhí mná Bhruach Sheáin ar cuairt chuig an Ionad agus rinne siad cúrsaí ar chócaireacht, ealaín, potaireacht agus socrú bláthanna.

An tseachtain seo chugainn, ar 1 agus 2 Bealtaine, beidh seal na bhfear ann agus beidh iascaireacht, photoshop, gailf agus ceol ar bun acusan.

Chomh maith leis sin, bhí ceoltóirí sa stiúideó ag taifead leagan den amhrán "Is fada liom uaim í" agus tá siad ag súil an diosca a eisiúint an tseachtain seo.



**Ag ealaín:** Nicola Ní Bhaoill ag obair ar mhósáic taobh amuigh d'Ionad Naomh Pádraig, Dobhair, thar an Cháisc.



**Ag taifeadadh:** Brian McCafferty, Ann McDermott, Tony Mac Ruairí agus John Michael Harden



**Tras-teorann:** Ghlac mná Bhruach Sheáin páirt i gceardlann socrú bláthanna a reáchtáladh in Ionad Naomh Pádraig, Dobhair



**Mósáic an Ionaid:** An obair chríochnaithe



**Obair ealaíne:** Cuid de na páistí as an Chlub Óige ag obair ar an mhósáic álainn atá taobh amuigh d'Ionad Naomh Pádraig, Dobhair.



# An Spotsholas ar Phobalscoil Ghaoth Dobhair



**Giobail ghleoite:** Foireann 'Trash Couture' ag an Oíche Dhrámaíochta a d'eagraigh Pobalscoil Ghaoth Dobhair ar na mallaibh.

D'eagraigh Pobalscoil Ghaoth Dobhair oíche mhór dhrámaíochta ar na mallaibh le drámaí, ceol agus taispeántas faisin.

Bhí scaifte mór dáltaí, tuismitheoirí agus aíonna eile i láthair ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair an mhí seo don Oíche Mhór Drámaíochta a reachtáiltear sa scoil ar bhonn rialta.

Mar is gnách, bhí an caighdeán aisteoireachta iontach ard agus bhain an scaifte an-sult as na drámaí a bhí ar an ardán.

Ina measc siúd, bhí *Teach na mBocht* agus *Banríon na mBradán*, chomh maith le seó aonarach, ceol agus taispeántas faisin ag úsáid ábhar athchúrsáilte.

Mar atá soiléir ó na pictiúirí, bhí lucht smideadh iontach gnoitheach ar an oíche.



**Damhsóirí:** Claire Ní Bhaoill, Neasa Bheáid agus Keevagh Ní Dhónaill a bhí ag damhsa ag an Oíche Dhrámaíochta



**Póigín:** Brídín Ní Mhaoldomhnaigh ar an ardán i bPobalscoil Ghaoth Dobhair.



**Buaiteoirí Grand Prix:** Jack Ó Gallchóir, Emma Ní Fhíoruisce agus Antoin de Blárach, foireann an dráma *Teach na mBocht* a bhuaidh an 'Grand Prix' ag Scléip 2010 agus a fuair scothléiriú na féile ag Féile Scoldhrámaíochta Ghaoth Dobhair ag an Oíche Dhrámaíochta.



**Seinnteoirí:** Emma Ní Fhíoruisce agus Gormlaith Maynes ag seinm ag an Oíche Dhrámaíochta.



**Seinnteoirí:** Maria Ní Ghallchóir, Sarah Ní Bhairclé agus Rachel Ní Rabhartaigh a bhí ag seinm ag an oíche Dhrámaíochta i bPobalscoil Ghaoth Dobhair.





**Banrion an Bhradáin:** An fhoireann a léirigh an dráma *Banríon na mBradán* ag an bPobalscoil: Rosie Nic Gairbheith, Maria Ní Chuireáin, Síle Ní Ghallchóir, Eva Ní Dhoibhlinn agus Ciarán Mac a' Gheirmhridh, le léiritheoir an dráma, Pól Mac Cumhaill.

**An Crann Óg:** (Thuas) Baill den ghrúpa ceoil áitiúil An Crann Óg a sheinn ag an Oíche Dhrámaíochta i bPobalscoil Ghaoth Dobhair le goirid.



**Am na cinniúna:** (Ar dheis) Laura Nic Lochlainn, Caoimhe Nic Giolla Chóill, Caoimhe Nic Pháidín, Christina Ní Luachra agus Louise Nic Aoidh ón ghrúpa rinceoirí 'Cinniúint' ag an Oíche Dhrámaíochta i bPobalscoil Ghaoth Dobhair.

# Domhnach Cásca i nGaoth Dobhair





# Focla Mhicí



**Fear na bhfocal:** **Bíonn Micí Whiting Mac Aodha ina aoi rialta ar an chlár *Rónán beo@3* ar Raidió na Gaeltachta gach tráthnóna Dé Máirt. Tá muid buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.**

**Uaisneach** – duine ata furasta a scanradh … is feidir é a usaid í gcás ainmhí nó duine … bheadh bó uaisneach ag éisteacht le tuaim na farraige.

**Cruitire** – duine a bhainfeas ceol as a chláirseach.

**Cuasnóg** – an áit a bhfuil nead ag na beacha fiáine … na beacha fiáine a nios an mhil … na bumbáin

**Creathán** – Creathán beag scadán – measarthacht scadán … bád a mbeadh gráin scadain léithe, ach chan barraíocht

**Palmaire** – piosa nó cos adhmaid a théann isteach sa stiúir leis an bád a threorú mar is ceart.

**Broghais** – bó a bheadh i ndiaidh gamhain a bheith aici, bheadh an porgais crochta leis an bhó i ndiaidh don ghamhain teacht ar an tsaol.

**Clomadóir** – duine a bheadh ag díol cluibhreach sa tsean-am fá choinne babhstair agus a leithéid

**Seachantach** – duine iontach seachantach…duine atá ag iarraidh fanacht ar shiúl ó dhaoine eile …

**Ulair** – altóir – déanta mar a beadh altóir cearnógach…in úsáid ag na Críostaithe sa tsean-aois

**Cluinc** – bang – trup an dorais ag druid

**Díomhaoin** – duine nach bhfuil pósta … tá sé diomhaoin … tá sé ar an tseilf.

## An Traonach

*le Máire Wren*

Cé gur píobaire an aon phoirt é,
d'éistfinn trí sheol mara
le glór grágach an traonaigh
is é go rúnda faoi chumhdach san fhéar fhada
sna cuibhrinn cois na habhna.

Ba leor don traonach breac
monabhar an mheithil
os cionn sioscadh na speile
ag fógairt baint an fhómhair
agus theithfeadh sé lena anam
le go seachnódh sé an corrán is an lann.

Mar sin a mhair sé
is an feirmeoir taobh le taobh
ar feadh na mílte bliain,
gur ruaig an t-inneall bainte
le ruathar rothmhol rúideach é
is thit an támh ar cheol an traonaigh
sna cuibhrinn cois na habhna.

Is theith sé go tearmainn thairiseacha –
go hInis Bó Finne agus Toraigh,
is go himeall tíre fá Mhachaire Rabhartaigh,
is chronaigh muid an '*créch! créch!*'
ag fógairt tús an tsamhraidh.

Líon muid tost an traonaigh
le gnúsachtach na n-innealra
gur bhánaigh muid na móinéir,
is nach beag an sochar dúinn
an tarra agus an stroighin.

Le deireanas, tá éan rúnda eile
ag scolfarnach san fhéar fhada,
is tá an gháir amuigh air
go bhfuil sé cíocrach,
is nach baol dó inneall nó lann.

Tá a ainm i mbéal an phobail,
cé nach fios daofa a thréithe go fóill –
is ní chloistear as a bhéal
ó mhaidin go hoích'
Ach '*Nama! Nama!*'




# Díolachán Chill Ulta

Ar an aimsir seo, bíonn na saineolaithe ag inse dúinn gur chóir dúinn uilig bheith ag ithe bia a fhástar cóngarach don bhaile, mar mhaithe leis an timpeallacht agus lenár sláinte. Nach maith an rud é, mar sin go bhfuil na Tithe Gloine i gCill Ulta againn sa cheantar seo?

Tá sé 6 bhliain anois ó bunaíodh Lárionad Acmhainní Nádúrtha Teo (LAN Teo) ar shuíomh na dtithe gloine i gCill Ulta agus tá an fiontar beo leis. Fá láthair, tá 12 duine fostaithe faoi scéim Chlár Seirbhísí Pobail, ag fás agus ag díol luibheanna agus glasraí le bialanna agus ábhar gáirdíneachta le daoine as an cheantar. Tá cuataiméirí acu ó Ailt a' Chorráin go Port na Bláithche agus, de réir Seán Ó Duibhir, bainisteoir na comhlachta, tá siad ag cur glasraí agus luibheanna don chéad uair chuig an bhialann sa Pháirc Náisiúnta ag Gleann Bheatha.

Ar ndóigh, bhíodh i bhfad níos mó fostaithe san Ionad roimhe seo. Meastar, mar shampla go raibh suas le 50 duine fostaithe ar an tsuíomh sna seachtóidí nuair a bhí 8 acra faoi ghloine. Bhí sin amhlaidh sular éirigh praghas an ola sa bhliain 1976 chomh hard gurbh éigin an áit a dhruid.



Nuair a tosaíodh arís air, ní raibh feidhm leis an ola ar chor ar bith agus tá tolláin phlaisteacha in úsáid in aice leis an teach gloine amháin atá fágtha. I measc buaicphointí na bliana ag lucht gairdíneireachta sa cheantar seo, tá an díolachán plandaí ag Cill Ulta agus tá sin ag tarlú Dé hAoine 23 Aibreán agus Dé Sathairn 24 Aibreán.

Beidh agat le bheith ann go luath leis an margadh is fearr a dhéanamh!

# Fógraí Pobail

goitsenuachtan@gmail.com

## Aonach Samhraidh

Beidh Aonach an tSamhraidh ar siúl ag an Chomharchumann sa Chrannóg i Srath na Corcra ar an Satharn 5 Meitheamh. Beidh seastáin díolacháin d'earraí ceirde agus ealaíona, ábhar cócaireachta agus glasraí, ceol , dathú aghaidh srl ar an lá. Má tá suim agat spás seastán a chuir san áireamh don lá cuir scairt ar Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

## Seomra Staire agus Seanchais

Beidh an Seomra Staire ins an Chrannóg oscailte gach lá ó Luan go hAoine ón 9-5 (agus ag amanna eile ach coinne a dhéanamh roimhré). Tá cuid mhór ábhar stairiúil, seanphictiúir, sean-irisí agus nuachtáin, chomh maith le cnuasach mhór de leabhair Ghaeilge agus leabhair thagartha a bhfuil baint acu le Gaoth Dobhair agus le Co Dhún na nGall. Tá an t-ábhar iontach úsáideach do mhic léinn agus lucht taighde agus suimiúl d'achan duine. Níl cead an t-ábhar a thógáil amach as an tseomra, ach tá fáilte cóipeanna a dhéanamh. Is áis luachmhar é seo don phobal – bain úsáid as! Tuilleadh eolais ar fáil ó Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag (074) 9532208.

## Spásanna le ligean ar Cíos

Tá roinnt spásanna d'achair éagsúla le ligean ar cíos in ionad an Chomharchumainn (An Chrannóg) i Srath na Corcra. Beidh tús áite a thabhairt do ghnónna nó tograí a fheidhmíonn i nGaeilge nó atá teanga bhunaithe. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh trí scairt a chuir ar Chathal ag (074) 9532208.

## Ranganna sa Chrannóg

**Dé Luain:**
Rang Giotár 5.30 – 6.30
& 6.30 – 7.30
Rang Fidil 6.30 – 7.30

**Dé Máirt:**
Bunrang Gaeilge 7i.n. – 8i.n.

**Dé Céadaoin:**
Rang Mandolin 5.30 – 6.30
Rang Bosca Ceoil 5.30 – 6.30
Rang Concertina 6.30 – 7.30

**Déardaoin:**
Rang Feadóg 5.30 – 6.30

## Tuismitheoirí agus tachráin

**Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin** sa Chrannóg maidin Déardaoin 10.00r.n. – 11.30r.n. Tuilleadh eolais: 074 95 32208

## Díolachán earraí

Beidh *Car Boot Sale* faoi dhíon ar siúl in Ionad Naomh Pádraig ar an Domhnach 2 Bealtaine ag toiseacht ar 3pm. Le tábla a chuir in airithe, (€10) cuir glaoch ar Mháire san Ionad ar 074 95 32949/ 086 8259752

## Díolachán plandaí Chill Ulta

Reáchtálfar díolachán plandaí sna tithe gloine i gCill Ulta, Dé hAoine agus Dé Sathairn, 23/24 Aibreán 11rn-2in. Glasraí éagsúla – mar shampla Trátaí, Leitís, Scailiúin, Rúbarb, Soilire, Cainneann, Peirsil, Cál srl (réidh le cur sa talamh nó i bpotaí). Luibheanna, bláth-anna, pór prátaí.
Ábhair orgánach cosúil le múirín, leas agus gránlach seilidí ar díol fosta.

**Más mian leat poiblíocht a fháil d'imeacht pobail cuir scéal chuig Goitse ag goitsenuacht@gmail.com.**

# Sna Réalta

## An tUisceadóir



Eanáir 21 - Feabhra 18

Ná bí ag dréim le mór-athrú saoil. Ar ndóigh ní speig neanta go litriúil thú. Agus mar nach ritheann asal mar each ar cosa in airde, tóg go bog é; ná faigh go brách an bua.

## An tIasc



Feabhra 19 - Márta 20

Tá tusa ar an slí mícheart arís. Beidh mór-chinneadh ar chomh-airle le déanamh agat ach b'fhearr duit ligean do dhuine eile an rogha a ghlacadh. Úsáid an am seo le athbhreithniú ar na míthuiscintí atá agat fút agus réiteach leo. Thig seo a dhéanamh tú féin.

## An Reithe



Márta 21 - Aibreán 20

Fán thusa sa leaba an mhí seo, Fear an Reithe, óir níl mórán báúlachta ag na réalta duit.

## An Tarbh



Aibreán 21 - Bealtaine 21

Is ionann tusa agus mála de garnish fliuch na laetha seo. Déan iarracht tú féin a thriomú agus, ar mhaithe le cuibhiúlacht, cur cruth daonna ort féin. An tuisce a sheasann, bréanann sé. In aineoinn seo ní bheidh an réimse gan giollamas ó cheathrú cuí, cneasta.

## An Cúpla



Bealtaine 22 - Meitheamh 21

Ní dhéanann duine rud maith rómhinic ach is anois atá an deis agatsa. Bhfuil uchtach agat, áfach. De réir na réaltaí tá dabht faoi seo. Coigil do bhrí, bí ullamh agus os cionn uile seachain an Leon.

## An Portán



Meitheamh 22 - Iúil 22

Níorbh fhéidir fios a bhaint as do réaltaí an tréimse seo de bharr smúit luaithe ón bhólcan i dtír an tseaca.

## An Leon



Iúil 23 - Lúnasa 23

Ní go maith a bheas cúrsaí leatsa más duine cuideachtúil atá ionat. Ort féin atá an locht. Le gairid tá tú mar chreabhar ar do chairéid agus cách cráite ag do bhreast-aíocht. Bí ag súil le roinnt ama a chaitheamh leat féin.

## An Mhaighdean



Lúnasa 24 - Meán Fómhair 22

Tá am aerach aigeantach amach romhat. Beidh tú ar nós Lucy sa spéir le diamaint. Oireann seo duit. Bain sult as do spraoi. Níos airde a théann tú is measa an tuirlingt. Tá foláireamh faighte agat.

## An Mheá



Meán Fómhair 23 - Deir. Fómhair 23

Am neamhchinnte duitse. Beidh ort plé le roinnt cruacheisteanna amach anseo. Glac le comhairle, ach ón treo dearfach. Ná creid feannóg agus ná creid fiach.

## An Scairp



Deireadh Fómhair 24 - Samhain 22

Tá an uile rud ag casadh timpeall; bíodh thusa ar bord fiú má tá ort áit dhuine eile a ghlacadh. Caith amach iad, ní bheadh na boic úd urrúnta don chraic mheadhránach cibé.

## An Saighdeoir



Samhain 23 - Nollaig 21

Tá lúpatar ag glacadh do spás sa firm-imint. De gnáth seo deachomhartha ach de bharr cúrsaí casta astralaíoch (nach féidir plé sa scóip úd, is nach dtuigfeá ar aon nós) is olc an mhaise dhuit.

## An Gabhar



Nollaig 22 - Eanáir 20

Iontas agus iontlas i ndán duitse. Ach, monuar, ní bhainfaidh tusa tait-neamh as an gliondar mar go bhfuil an Gabhar corr agus is é a phléisiúr an dícheallacht. Dar leis go dtiocfaidh an duine macánta ar a chuid féin. Níl neart ar an dearcadh seo.

# Busanna Feda




## SEIRBHÍS LAETHÚIL

**Tír Chonaill – Sligeach – Maigh Eo – Gaillimh**
**Seirbhís Rialta Go Glaschú**

Fón: 074 9548114
Gaillimh: 091 761656
Glaschú: 0141 637 5673

Ríomhphost: busfeda@eircom.net
Suíomh idirlín: www.fedaodonnell.com

*Fearadh na fáilte roimh an chéad eagrán de "Goitse" agus gur fada buan a réim.*
*—Feda, Bríd agus an teaghlach*


# An Naoscach



*le Nóra Chit*



Nach iontach mar a tharlaíonn seo: ní túisce a chluintear tagairt do rud úr coimhthíoch, ach an chéad rud eile cluintear iomrá ar an rud céanna in áit eile ar fad. Mar sin domsa agus an Butternut Squash. Le gairid, ar éigin go raibh a fhios agam caidé a bhí ann nuair a d'inis mo chara Annie Shéamais dom fán anraith blasta a rinne sí as. Taobh istigh de sheachtain, landáil mo iníon sa bhaile agus moll de na glasraí móra crua seo léi (mar péara mór ar dhath béis) agus í chomh spreagtha céanna fán sú simplí seo. Is cosúil go bhfuil sé de mhisean ag achan duine a bhlaiseann é an deá-scéal a chur thart. Creidim go bhfuil an t-eolas craobhscaoilte go maith ar an dóigh seo. Samhlaím in achan teach sna Rosa agus Gaoth Dobhair go bhfuil daoine ag fanacht go ciocrach at an sú scuais cnó-ime bheith réidh.

Is focal Indiach-Mheiriceánach é scuais ó ascútascuais, a chiallaíonn ite gan bheith bruite, agus níl baint ar bith aige le brúitín ná rud ar bith eile mar é ach tá gaol aige le mearóg (marrow) agus puimcín.

Tá a fhios agam go bhfuil an t-oideas ag dul ó bhéal go béal chomh gasta le tine ach ar eagla na heagla nár shroich sé tusa go fóill seo chugat é.

Cuir oinniún nó dhó, gearrtha go mion, i bpota le rud beag ime, nó ola, go n-éireoidh sé bog. Gearr an scuais, ceann mór amháin nó beirt bheaga, i ngiotaí fada le scian láidir. Bain de an craiceann crua, tóg ar shiúl na síolta agus gearr an fheoil ina ciúbanna (feoil an scuais – níl aon fheoil eile sa sú seo ach ní shílfeá sin). Caith isteach ar an oinniún é le cúpla cairéad gearrtha, trí nó ceithre phionta d'uisce, cúpla spúnóg de Bouillon Marigold (ar fáil ó shiopa Mhatt ar an Bhun Bheag) nó ciúb stoic nó stoc anraithe féin. Lig dó bruith go mall go dtí go bhfuil na glasraí bog. Brú é (scuaiseáil é?) mó measc le meaisín é.

Tá dath álainn ór-oráiste ar an sú seo. Cuir braon uachtair agus peirsil mion-ghearrtha sa bhabhla agus beidh dathanna bhrat na hÉireann agat!

Aithneoidh tú nach saineolaí cócaireachta mé. Níl mé ach ag cur síos ar rudaí a bhíonn ag ramhaillí fríd m'intinn. Go dtí go gcastar ar a chéile arís muid, *bon appetit*.

**Nóra Chit**




# Centra




Tá na margaí seo ar fáil as seo go 1 Bealtaine

**McCLAFFERTY** **Gort an Choirce** Teil: **9135194**



# Bua iontach!

**Réidh don dúshlán:** Foireann faoi 21 Dhún na nGall roimh dhul chun páirce dóibh Dé Sathairn seo caite mar a bhuail siad ar Thiobrad Árann

## Tá dúshlán mhór roimh ógánaigh Dhún na nGall i ndiaidh a mbua ar pheileadóirí Thiobrad Árainn

Bhí imreoirí na Gaeltachta ag tosach an tslóigh nuair a bhain foireann Faoi 21 Dhún na nGall a n-áit amach i gcluiche ceannais an chomórtais in éadan Bhaile Átha Cliath Lá Bealtaine. Cé gurbh é Michael Murphy as Gleann Súilí réalt an chluiche, ag scóráil 0-6, tháinig James Carroll as Gaoth Dobhair isteach sa chluiche sa dara leath mar ionadaí do McLaughlin agus scóráil sé dhá phointe, an bheirt acu ón imirt.

**Dún na nGall 0-12**
**Tiobraid Árann 0-4**

Bhí sé mall mar chluiche, go háirithe ag an tús. Ní raibh scór ar bith ann go dtí an 10ú bomaite nuair a scóráil Murphy pointe ó chic saor agus bhí sé réasúnta teann idir an dá thaobh go dtí leath-am. i ndiaidh an tsosa, cuireadh Carroll isteach in áit McLaughlin agus bhí sé soiléir go raibh meon difriúil ag na Conallaigh, go háirithe nuair a cuireadh caiptín Thiobraid Árann, Ciarán McDonald, den pháirc le dhá chárta buí.

Beidh dúshlán mór roimh an fhoireann agus an bainisteoir Jim McGuinness don chluiche ceannais ag Páirc Bhreifne i mBaile an Chábháin ar 1 Bealtaine nuair a imreoidh siad in éadan Bhaile Átha Cliath ach beidh súil na foirne ar an chéad chluiche ceannais Faoi 21 ó 1987 nuair a bhain siad an comórtas. Glactar leis go raibh an fhoireann sin mar bhunchloch don fhoireann a bhain Craobh Shinsearach na hÉireann i 1992.

Beidh bainisteoir na foirne sinsearaí, John Joe Doherty, ag súil go bhfuil sin fíor leis an scuád seo agus go mbeidh go leor acu ag imirt sa taobh sinsireach amach anseo.




Siopa Mhatt Bonner
Machaire Chlochair
NUACHTÁIN • CEAPAIRÍ • BIA TE
FOSCAILTE ACHAN LÁ Teil: 074-9531012

Tabhairne Hudí Beag
Machaire Chlochair,
An Bun Beag



